



2020/XXXX(INI)

16.6.2020

DRÉACHT-TUAIRIM

ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

chuig an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

maidir le ceannaireacht na hEorpa sa ré dhigiteach agus cur chuige an Aontais i
leith na hintleachta saorga
(2020/XXXX(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Ivo Hristov

PA_NonLeg

MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe ar an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

- A. cé go bhfuil tionchar suntasach ag an athrú aeráide cheana féin ar thalmhaíocht agus go bhfuil tionchar láithreach aige ar tháirgeadh;
- B. de bhrí go bhfuil sé mar aidhm ag an straitéis ‘ón bhFeirm go dtí an Forc’ úsáid lotnaidicídí a laghdú faoi 2030, agus d’fhéadfaí cabhrú leis sin trí theicneolaíochtaí na hintleachta saorga (IS) a úsáid;
- C. de bhrí go bhforáiltear leis an togra le haghaidh an chéad chreata airgeadais ilbhliantúil eile go ndéanfar EUR 10 billiún de bhuiséad an chláir ‘Fís Eorpach’ a leithdháileadh ar thaighde agus ar fhorbairt (R&D) sa talmhaíocht, rud ba cheart a bheith ina chabhair chun bonnagar intleachta saorga teicneolaíochta a fhorbairt don earnáil;
 1. á mheas gur cheart tús áite a thabhairt do shaincheisteanna a bhaineann le folláine oibrithe talmhaíochta agus/nó oibreoirí, leas ainmhithe agus gnéithe eiteiciúla eile agus measúnú á dhéanamh ar infheidhmeacht na hintleachta saorga san earnáil;
 2. á chur i bhfáth gur cheart infheistíochtaí spriocdhírthe a dhéanamh in IS agus in uirlisí nuálacha lena mbeartaítear feabhas a chur ar cháilíocht agus ar úsáid acmhainní nádúrtha, amhail ithir agus uisce do tháirgeadh talmhaíochta san Aontas;
 3. á chur i bhfios go láidir gur cheart múnla teaghlaigh talmhaíochta na hEorpa a chaomhnú agus go bhféadfaí leas a bhaint as teicneolaíochtaí IS a thabhairt isteach chun tacú le múnla an teaghlaigh agus chun cleachtais thraidisiúnta a choinneáil ar bun;
 4. á chreidiúint gur féidir, agus gur cheart, teicneolaíochtaí IS a úsáid chun inrianaitheacht táirgí a fheabhsú, lena n-áirítear saincheisteanna amhail tionscnamh nó modhanna táirgthe;
 5. á iarraidh ar na Ballstáit go léir bearta a áireamh ina gcuid pleananna straitéiseacha agus pleananna forbartha tuaithe chun tacú le IS agus uirlisí nuálacha atá sábháilte agus iontaofa a thabhairt isteach agus a úsáid ar bhonn níos leithne ar rátaí inacmhainne do thairbhíthe;
 6. á iarraidh ar an gCoimisiún beirt ionadaithe ar a laghad a bhfuil cúlra talmhaíochta acu a áireamh ar an nGrúpa Ardleibhéil Saineolaithe um an Intleacht Shaorga (HLEG AI);
 7. á iarraidh ar na Ballstáit go léir saineolaí amháin ar a laghad ar thalmhaíocht a áireamh sna moil nuálaíochta a bhfuil leibhéal ard speisialtóireachta aige in IS, mar a mhol an Coimisiún ina Pháipéar Bán an 19 Feabhra 2020 dar teideal ‘Maidir leis an Intleacht Shaorga – Cur Chuige Eorpach i leith barr feabhais agus iontaoibhe’ (COM(2020)0065).